



An
Bord
Pleanála

Clár oibre don Éisteacht Ó Bhéal

ABP-300241-17

Dáta	03/05/18
Am Tosaithe	09.30AM
Suíomh	An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach páirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a dhéanamh ar aon ábhar pleanála nó aighneacht a fuarthas. Beidh deis ag daoine ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht.

Ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- Níl dualgas dá laghad ar aon duine aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.
- Má bheartaíonn tú cóipeanna scríofa de d'aighneachtaí a chur ar fáil, ní ghlacfar leo ach amháin má bhíonn cóipeanna ar fáil do rannpháirtithe uile na héisteachta. Ba chóir dhá chóip d'aon doiciméad scríofa a chur ar fáil do chomhad an Bhoird.
- Cuir scéala chugainn roimh an 30ú Aibreán 2018 nó a luaithe is féidir má tá riachtanais so-rochtaineachta agatsa nó ag duine ar bith i do ghrúpa ionas gur féidir linn cabhrú leat an rochtain sin a éascú. Is féidir nach mbeifear in ann iarratais so-rochtaineachta a éascú tar éis an sprioclá cheal ama.

- Tá clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le clár ama. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir leis an gCigire é a athrú i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.
- Ag deireadh na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh cead a thabhairt nó a dhiúltú.

Ina aighneacht don éisteacht iarrtar ar an iarratasóir díriú ar na nithe seo a leanas:

- Nádúr agus méid cruinn na forbartha beartaithe ag féachaint do theorainn líne dhearg an tsuímh.
- Cur chuige ingearchlónna (agus fótamontáisí) den struchtúr athraithe bheartaithe agus den struchtúr athraithe mar atá, lena n-áirítear an cur chuige i leith ingearchlónna tánaisteacha.
- Rochtain do choisithe (agus do chathaoireacha rotha) ag féachaint do, inter alia, beartas SN29 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2022 agus DMURS, agus ceisteanna gaolmhara sábháilteachta i limistéar réamhchúirte an ionaid siopadóireachta atá anois ann.
- Áiseanna agus rochtain do rothaithe.
- An comhthéacs reachtúil pleanála agus forbairt chomhtháite, rochtain san áireamh, ag féachaint do shuíomh Pháirc Chnocán Uí Dhálaigh.
- Seachadtaí i gcás gach aonad beartaithe agus gach aonad atá ann cheana.
- Moltaí maidir le tírdhrechtú agus cur chuige teorann.
- Meascán úsáidí.
- Caihdeán na cóiríochta do mhic léinn.

Clár Oibre

Lá agus Dáta	
Am	Topaic
9.30	<ul style="list-style-type: none"> • Oscailt na héisteachta ó bhéal
	<ul style="list-style-type: none"> • Iarratasóir: <ul style="list-style-type: none"> ○ Achoimre ar an bhforbairt bheartaithe (10 nóim. ar a mhéad) ○ Freagra ar cheisteanna a cuireadh sna hachomhairc agus ar iarratas an Bhoird chun díriú ar nithe ar leith (90 nóiméad, measta),
	<ul style="list-style-type: none"> • An t-údarás pleanála (20 nóiméad, measta)
	<ul style="list-style-type: none"> • Aighneachtaí na n-achomharcóirí (20 nóiméad an ceann, measta).
13:00 – 14:00	Sos
14.00	<ul style="list-style-type: none"> • Aighneachtaí na n-achomharcóirí (10 nóiméad an ceann, measta).
	<ul style="list-style-type: none"> • Ceistiú idir na páirtithe*.
	<ul style="list-style-type: none"> • Ráitis deiridh san ord seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ Achomharcóirí ○ Údarás Pleanála ○ Iarratasóir
	<ul style="list-style-type: none"> • Dúnadh na héisteachta ó bhéal

*Nótaí: Seo a leanas ord an cheistithe:

- Ar an iarratasóir
- Ar an údarás pleanála
- Ar na hachomharcóirí

Beidh sé de lánrogha ag an gCigire ceistiú páirtithe a cheadú díreach tar éis aighneachta. Beidh sé de lánrogha ag an gCigire, leis, aon cheist idir páirtithe a cheadú nó a dhícheadú.

Aguisín: Ord láithris na nAchomharcóirí agus na mBreathnóirí

Achomharcóirí

1. Phizzfest (Tina Robinson agus daoine eile)
2. Tesco Ireland Ltd.

Breathnóirí

1. Anne Gannon agus daoine eile
2. Mary Fitzpatrick
3. Marie Sherlock
4. An Comhairleoir Cieran Perry